An Roinn Oideachais
Department of Education

**Ciorclán 0065/2021**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna Aitheanta, na Scoileanna Speisialta, na nIar-bhunscoileanna, agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# Cistiú Breisithe i gcomhair An Deontais Mionoibreacha le haghaidh Bunscoileanna
# Cistiú Eisceachtúil i gcomhair An Deontais Mionoibreacha le haghaidh Bunscoileanna agus fócas faoi leith aige ar thacaíocht don aeráil feabhsaithe

## 1. Réamhrá

Is é cuspóir an chiorcláin seo ná sonraí a sholáthar maidir leis na Mionoibreacha Breisithe le haghaidh na mBunscoileanna agus maidir le Cistiú Deontas Mionoibreacha Eisceachtúla le haghaidh na nIar-bhunscoileanna mar chuid den tacaíocht leanúnach d'fheidhmiú scoileanna i gcoitinne agus go háirithe i dtimpeallacht Covid-19, agus fócas faoi leith ar thacaíocht bhreise a sholáthar do scoileanna i dtaca le cur i bhfeidhm na treorach aerála arna foilsiú ag an Roinn i mí na Bealtaine 2021.

Tugann íocaíocht na ndeontas seo ag an bpointe seo an deis do scoileanna tabhairt faoi aon mhionoibreacha lena n-áirítear feabhsúcháin aerála ar leibhéal na scoile mar ábhar tosaíochta. Tríd an gcistiú deontas mionoibreacha soláthraítear solúbthacht mhaith chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna ar leibhéal na scoile áitiúla agus chun cur chuige dírithe a ghlacadh. Ní chaithfidh scoileanna faomhadh a lorg ón Roinn chun oibreacha a dhéanamh ná chun earraí a cheannach le haghaidh feabhas a chur ar an aeráil.  Is féidir tabhairt faoi oibreacha ar scála níos mó (níos faide ná leibhéal an mhaoinithe fheabhsaithe seo) faoi Scéim Oibreacha Éigeandála na Roinne.

Ba chóir go léifí an ciorclán seo i dteannta le Ciorclán 0062/2013 "Scéim Deontais do Mhionoibreacha ar Fhoirgnimh Scoileanna Náisiúnta", ós iad na prionsabail a achoimríodh sa chiorclán sin iad a chuirtear i bhfeidhm in Iar-bhunscoileanna freisin, agus i dteannta le cáipéis na Roinne dar teideal "Céimeanna Praiticiúla chun Feidhm a Bhaint as Dea-Chleachtais Aerála i Scoileanna".  Tá Ciorclán 0062/2013 "Scéim Deontais do Mhionoibreacha ar Fhoirgnimh Scoileanna Náisiúnta" ar fáil ag https://www.gov.ie/en/circular/ea522aad554f4e9f9fa8249076f0de93/

**Teacht ar Chomhairle Theicniúil maidir leis an Aeráil**

Mar thacaíocht do scoileanna agus iad ag tabhairt faoi fheabhsuithe aerála, tá treoir mhaith le fáil ar https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/aerala-i-scoileanna/ maidir le:

- Céimeanna Praiticiúla chun Feidhm a Bhaint as Dea-Chleachtais Aerála
- Monatóirí Dé-ocsaíde Carbóin (Freagraí ar do Cheisteanna)
- Glantóirí Aeir (Treoir do scoileanna lena n-áirítear Treoir Theicniúil i gcomhair Ghlantóir Aeir HEPA, in Agúisín 1, Freagraí ar do Cheisteanna).

I bhfianaise go bhfuil gach suíomh scoile éagsúil, is ag an scoil aonair is fearr a bheidh an rogha cinneadh a dhéanamh i dtaca leis na bearta iomchuí don scoil féin agus beidh solúbthacht aici dá bharr. Mar eiseamláir, leis an gcistiú tugtar an deis do scoileanna feabhas a chur ar na timpeallachtaí foghlama lasmuigh le haghaidh úsáide má bhíonn an aimsir in araíocht dó.
I bhfianaise nach ann do réiteach amháin atá oiriúnach i ngach cás, is féidir go gcuardóidh scoileanna sainchomhairle/cúnamh speisialaithe teicniúil ó Innealtóir Cairte nó Ailtire Cláraithe chun comhairle a thabhairt maidir leis na bearta iomchuí atá le glacadh chun an aeráil a fheabhsú.  D’fhéadfadh Innealtóir nó Ailtire atá ag obair faoi láthair ar thionscadal sa scoil, nó a d’oibrigh roimhe seo air, a bheith feiliúnach chun réamhchomhairle a thabhairt do scoil ar ábhair aerála. D’fhéadfadh go n-áireofaí air seo:, comhairle maidir leis an aonad iomchuí de Ghlantóir Aeir HEPA mar bheart breise i dteannta le bearta eile aerála atá ar fáil a oireann do shainmhéid an tseomra, don toirt agus do na socruithe aerála atá ann cheana i gcásanna ina bhfuil droch-aeráil fós i seomra/limistéar faoi leith tar éis do chur i bhfeidhm na mbeart molta sna Céimeanna Praiticiúla. Is foinse thábhachtach tacaíochta do scoileanna comhairle/cúnamh speisialtóra Innealtóra Cairte nó Ailtire Cláraithe.

Tá Treoir Theicniúil Glantóir Aeir HEPA in Aguisín 1 sa doiciméad Treorach maidir le Glantóir Aeir Seomra ags atá ar fáil ag https://https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/aerala-i-scoileanna/#glantoiri-aeir ábhartha go háirithe anseo.

Táthar tar éis foireann thiomanta a chur ar bun sa Roinn Oideachais chun tacú le scoileanna a d’fhéadfaí go mbeadh ceisteanna acu maidir leis an aeráil. Tá an fhoireann ar fáil freisin chun teagmháil a dhéanamh le scoileanna más gá, ag dul trí na céimeanna ar chóir do na scoileanna iad a thógáil chun feidhm a bhaint as dea-chleachtas aerála srl.  Murar féidir le scoil teacht ar shaineolas innealtóra nó ailtire, agus más gá, is féidir measúnú teicniúil a éascú tríd an Roinn chun cúnamh a thabhairt don scoil.

## 2. An Deontas Mionoibreacha Méid Íocaíochta

**Bunscoileanna**

**<u>Bunscoileanna – An Deontas Mionoibreacha 2022/2023</u>**

Sa tábla thíos tugtar sampla léiritheach de luach an deontais mionoibreacha do bhunscoileanna de mhéideanna éagsúla.

**Tábla 1**

| Méid Scoile (Rolluithe) | €5,500 + €18.50 Príomhshrutha + €74 RSO |
|---|---|
| 60 | €6,610 |
| 100 | €7,350 |
| 200 | €9,200 |
| 300 | €11,050 |
| 400 | €12,900 |
| 500 | €14,750 |

Tá áirimh an tábla seo bunaithe ar líon na ndaltaí príomhshrutha amháin.

**AGUS**

**Feabhais ar an Deontas Mionoibreacha ar Leibhéal na Bunscoile**

Sa tábla thíos tugtar sampla léiritheach de luach an deontais mionoibreacha méadaithe do bhunscoileanna de mhéideanna éagsúla.

**Tábla 2**

| Méid Scoile (Rolluithe) | Méid an Deontais Bhreisithe (Leathluach an Deontais Chaighdeánaigh Mionoibreacha) |
|---|---|
| 60 | €3,305 |
| 100 | €3,675 |
| 200 | €4,600 |
| 300 | €5,525 |
| 400 | €6,450 |
| 500 | €7,375 |

**Iar-bhunscoileanna:**

**Iar-bhunscoileanna – An Deontas Mionoibreacha**

**Tábla 3**

| Méid Scoile (Rolluithe) | Méid Íocaíochta |
|---|---|
| Suas le 500 | €20,000 |
| 501 chuig 750 | €25,000 |
| 751 chuig 1000 | €30,000 |
| >1000 | €35,000 |

## 3. Riarachán

Íocfar an deontas seo go díreach isteach i gcuntas bainc na scoile., nó an BOO ábhartha nuair is infheidhme. I gcás na mBunscoileanna, déanfar an íocaíocht in dhá sciar: ar dtús íocfar an Deontas Mionoibreacha caighdeánach (Tábla 1) agus tar a éis sin íocfar gné an deontais bhreisithe (Tábla 2). I gcás na nIar-bhunscoileanna, íocfar íocaíocht amháin mar a léirítear i dTábla 3. Tá sé i gceist do ndéanfaidh gach íocaíocht a phróiseáil i mí na Nollag 2021.

Déanfar measúnú ar iarratais ó iar-bhunscoileanna in earnáil na scoileanna táille de réir an cháis. Is féidir iarratais den chineál sin a dhéanamh leis an Aonad um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais i dtosach báire.

Mar aon le cúnamh dheontais an státchiste, ní mór d'údaráis scoile taifid mhionsonraithe a choinneáil maidir le conas ar caitheadh maoiniú arna sholáthar faoin scéim seo. Más ann do mhaoiniú nár baineadh feidhm as, is ceart é sin a thaifeadadh freisin.

Sa chás nach bhfuil go leor maoinithe ann chun aghaidh a thabhairt ar fheabhsuithe aerála ar leith is féidir le scoileanna aghaidh a thabhairt air seo tríd an Scéim Oibreacha Éigeandála, atá ar fáil ag https://www.gov.ie/ga/ciorclan/19aef-sceim-deontais-oibreacha-eigeandala-ascnamh-chuig-iarratais-ar-line-agus-mionleasuithe-ar-an-sceim/

Ní foláir do scoileanna cloí le rialúcháin fála agus taifead a dhéanamh mar is iomchuí ar chostais a íocadh ón deontas a fuarthas. Is féidir le hInnealtóir Cairte nó le hAiltire Cláraithe cúnamh a sholáthar do scoileanna maidir le soláthar nuair is gá.

Tugtar deis do scoileanna trí na deontais seo a íoc ag an am seo tabhairt faoi aon mhionoibreacha lena n-áirítear feabhsúcháin aerála mar ábhar tosaíochta. Ní mór do scoil bheith in ann ráiteas scríofa maidir le caiteachas an deontais (a d'fhéadfadh bheith faoi sheiceáil chomhlíontachta na Roinne) agus taifead ar aon mhaoiniú nár baineadh feidhm as a sholáthar don Roinn, arna n-iarraidh sin uirthi. Cuirfear scoileanna ar an eolas maidir le láimhseáil agus socruithe i dtaobh aon mhaoiniú nár baineadh feidhm as roimh dheireadh 2022.

## 4. Fiosruithe

Ba chóir fiosruithe ar bith maidir le híocaíochtaí deontas mionoibreacha a sheoladh tríd an ríomhphost chuig pbufinmgt@education.gov.ie

Ba chóir fiosruithe ar bith maidir le haeráil a sheoladh tríd an ríomhphost chuig: Schools_Ventilation@education.gov.ie

**Valerie Kirwan**
**Príomh-Oifigeach**
**Aonad Pleanála agus Tógála**
**14/12/2021**